RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/872 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 a mhéid a bhaineann le hathruithe ar an tsamhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus ar an tsamhail do chláir chomhair faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 96(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh ([2]),, agus go háirithe Airteagal 8(11) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste Comhordúcháin na gCistí Eorpacha Struchtúracha agus Infheistíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 ([3]) ón gCoimisiún, leagtar amach an tsamhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus an tsamhail do chláir chomhair faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh.

(2) Mar gheall ar an síneadh eisceachtúil leis an bhféidearthacht ráta cómhaoinithe 100 % a chur i bhfeidhm go sealadach maidir le caiteachas arna dhearbhú in iarratais ar íocaíocht le linn na bliana cuntasaíochta dar tús an 1 Iúil 2021 agus dar críoch an 30 Meitheamh 2022, le haghaidh ais tosaíochta amháin nó níos mó ná sin i gclár lena dtacaíonn Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) nó an Ciste Comhtháthaithe i gcomhréir le hAirteagal 25a(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), ba cheart an tsamhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 agus an tsamhail do chláir chomhair faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 a leasú dá réir.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 320.
([2]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 259.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2014 lena leagtar síos rialacha de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh maidir leis an tsamhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1299/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha i dtaca le tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh maidir leis an tsamhail do chláir chomhair faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (IO L 87, 22.3.2014, lch. 1).
([4]) Rialachán (AE) 2022/562 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE) (IO L 109, 8.4.2022, lch. 1).

(3) Le Rialachán (AE) 2022/562, tugadh isteach freisin an fhéidearthacht oibríochtaí lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin imirce mar thoradh ar fhogha míleata na Rúise a mhaoiniú le CFRE nó le CSE ar bhonn na rialacha is infheidhme maidir leis an gCiste eile i gcomhréir le hAirteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i gcás inar cuid d'ais tosaíochta thiomnaithe iad na hoibríochtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht nua sin a léiriú sa tsamhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014. Go háirithe, ba cheart rogha an Chiste a thacaíonn le hoibríochtaí den sórt sin a rannchuidíonn le tosaíochtaí infheistíochta an Chiste eile a bheith soiléir, gan beann ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an ais tosaíochta thiomnaithe le CFRE, le CSE nó leis an dá cheann.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014 a leasú dá réir.

(5) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014.

2. Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 288/2014.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Meitheamh 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN I

Samhail do chláir oibríochtúla faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post

CCI	*<0.1 type='S' maxlength='15' input='S'>* [1]
Teideal	*<0.2 type="S" maxlength="255" input="M""SME >*
Leagan	*<0.3 type="N" input="G""SME >*
An chéad bhliain	*<0.4 type="N" maxlength="4" input="M""SME >*
An bhliain dheireanach	*<0.5 type="N" maxlength="4" input="M""SME >*
Incháilithe ó	*<0.6 type="D" input="G""SME >*
Incháilithe go	*<0.7 type="D" input="G""SME >*
Uimhir chinneadh CE	*<0.8 type="S" input="G""SME >*
Dáta chinneadh CE	*<0.9 type="D" input="G""SME >*
Uimhir chinneadh leasaitheach an Bhallstáit	*<0.10 type="S" maxlength="20" input="M""SME >*
Dáta chinneadh leasaitheach an Bhallstáit	*<0.11 type="D" input="M""SME >*
Dáta theacht i bhfeidhm chinneadh leasaitheach an Bhallstáit	*<0.12 type="D" input="M""SME >*
Réigiúin NUTS arna gcumhdach leis an gclár oibríochtúil	*<0.12 type="S" input="S"SME >*

[1] Eochair le haghaidh shaintréithe na réimsí:
cineál: N = Uimhir, D=Dáta, S=Teaghrán, C=Ticbhosca, P=Céatadán, B=Boole
cinneadh: N = Níl ina chuid den chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár oibríochtúil
ionchur: M = De láimh, S = Roghnú, G = Ginte ag an gcóras
'maxlength' = Uasmhéid carachtar lena n áirítear spásanna
PA – Y = Is féidir an ghné sin a chumhdach faoin gComhaontú Comhpháirtíochta amháin
TA – NA = neamhbhainteach i gcás cláir oibríochtúla atá tiomnaithe do chúnamh teicniúil amháin
YEI – NA = neamhbhainteach i gcás cláir oibríochtúla atá tiomnaithe don Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg amháin
SME = infheidhme freisin maidir le cláir atá tiomnaithe d'ionstraimí airgeadais comhpháirteacha um ráthaíocht neamhchaidhpeáilte agus urrúsúchán do FBManna, arna gcur chun feidhme ag BEI.

ROINN 1

STRAITÉIS MAIDIR LE RANNCHUIDIÚ AN CHLÁIR OIBRÍOCHTÚIL LE STRAITÉIS AN AONTAIS MAIDIR LE FÁS CLISTE, INBHUANAITHE AGUS CUIMSITHEACH AGUS COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH A BHAINT AMACH ([1])

(Tagairt: Airteagal 27(1) agus pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus, i gcás cláir oibríochtúla atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', an dara mír d'Airteagal 92b(9) agus (10)) ([2])

1.1. **Straitéis maidir le rannchuidiú an chláir oibríochtúil le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach**

1.1.1. *Tuairisc ar straitéis an chláir i dtaca le rannchuidiú le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur i gcrích agus chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach* ([3]).

<1.1.1 type="S" maxlength="70 000" input="M">

Maidir le haiseanna nua tosaíochta a chur le clár oibríochtúil atá ann cheana, chun na hacmhainní breise a leithdháileadh ar an gcuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', maidir le tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh ar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach an gheilleagair a ullmhú, ní mór an tuairisc sin a chur i láthair i mbosca téacs tiomnaithe mar a léirítear thíos.

Maidir le clár oibríochtúil nua atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', ní gá ach an tuairisc agus an bosca téacs thíos a chur i láthair.

1.1.1.a *Tuairisc ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an gclár oibríochtúil ar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar.*

<1.1.1 type="S" maxlength="10 000" input="M">

1.1.2. *Bonn cirt le rogha na gcuspóirí téamacha agus na dtosaíochtaí infheistíochta comhfhreagracha ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta, bunaithe ar riachtanais réigiúnacha, agus, i gcás inarb iomchuí, ar riachtanais ar an leibhéal náisiúnta a shainaithint lena n-áirítear an gá aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 121(2) CFAE agus leis na moltaí ábhartha ón gComhairle arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 148(4) CFAE agus an mheastóireacht ex ante á cur san áireamh* ([4]).

([1]) Sna táblaí san Iarscríbhinn seo, déantar foráil maidir le hacmhainní REACT-EU a roinnt (Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013) i gcás inar gá, i.e. REACT-EU CFRE, REACT-EU CSE agus REACT-EU TFAO).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

([3]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

([4]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Maidir le haiseanna nua tosaíochta a chur le clár oibríochtúil atá ann cheana chun na hacmhainní breise a leithdháileadh ar an gcuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', is gá tuairisc 1.1.2.a a chur isteach.

Maidir le clár oibríochtúil nua atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', ní gá ach tuairisc 1.1.2a a sholáthar.

1.1.2.a *Bonn cirt lena leagtar amach an tionchar a mheastar a bheidh ag an gclár oibríochtúil ar leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar.*

Tábla 1

Bonn cirt le rogha na gcuspóirí téamacha agus na dtosaíochtaí infheistíochta

Cuspóir téamach roghnaithe	Tosaíocht infheistíochta roghnaithe	Bonn cirt le roghnú nó tionchar ar leigheas dhíobháil na géarchéime (i gcás inarb infheidhme)
<1.1.2 type="S" input="S" PA=Y TA="NA">	*<1.1.3 type="S" input="S" PA=Y TA="NA">*	*<1.1.4 type="S" maxlength="1000" input="M" PA=Y TA="NA">*

1.2. **Bonn cirt leis an leithdháileadh airgeadais**

Bonn cirt leis an leithdháileadh airgeadais (tacaíocht ón Aontas) do gach cuspóir téamach agus, i gcás inarb iomchuí, do gach tosaíocht infheistíochta, i gcomhréir le ceanglais an dírithe théamaigh, agus an mheastóireacht *ex-ante* á cur san áireamh.

<1.2.1 type="S" maxlength="7000" input="M" PA=Y TA="NA">

Maidir le haiseanna nua tosaíochta a chur le clár oibríochtúil atá ann cheana chun na hacmhainní breise a leithdháileadh ar an gcuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', is gá tuairisc 1.2.a a chur isteach.

Maidir le clár oibríochtúil nua atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar', ní gá ach an tuairisc seo a leanas a sholáthar:

1.2.a **Bonn cirt le leithdháileadh airgeadais na n-acmhainní breise ar an gcuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar' ar CFRE nó ar CSE agus an bealach a dhírítear na hacmhainní sin ar na limistéir gheografacha is mó a bhfuil gá leo, agus na riachtanais réigiúnacha agus leibhéil forbartha éagsúla á gcur san áireamh chun a áirithiú go ndéanfar an tacaíocht a chothromú idir riachtanais na réigiún agus na gcathracha is mó atá buailte ag tionchar phaindéim COVID-19 agus an gá atá ann leanúint de dhíriú ar réigiúin bheagfhorbartha, i gcomhréir le cuspóirí an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh a leagtar amach in Airteagal 174 CFAE.**

<1.2.1 type="S" maxlength="3000" input="M" PA=Y TA="NA">

Tábla 2

Forléargas ar straitéis infheistíochta an chláir oibríochtúil

Ais tosaíochta	Ciste (CFRE [1], Ciste Comhtháthaithe, CSE [2], TFAO [3], REACT-EU CFRE, REACT-EU CSE nó REACT-EU TFAO)	Tacaíocht ón Aontas [4] (EUR)	Cion de thacaíocht iomlán ón Aontas don chlár oibríochtúil [5]	Cuspóir téamach [6]	Tosaíochtaí infheistíochta [7]	Cuspóirí sonracha a chomhfhreagraíonn don tosaíocht infheistíochta	Táscairí aschuir coiteanna agus clárshonracha a bhfuil sprioc leagtha síos ina leith
<1.2.1 type="S" input="G">	*<1.2.2 type="S" input="G">*	*<1.2.3 type="N' " input="G">*	*<1.2.4 type="P' input="G">*	*<1.2.5 type="S" input="G">*	*<1.2.6 type='S' input='G'>*	*<1.2.7 type="S" input="G">*	*<1.2.8 type="S" input="G">*

([1]) Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.
([2]) Ciste Sóisialta na hEorpa.
([3]) An Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg.
([4]) Tacaíocht iomlán ón Aontas (lena n-áirítear an príomh-leithdháileadh agus an cúlchiste feidhmíochta).
([5]) Faisnéis de réir Ciste agus de réir ais tosaíochta.
([6]) Teideal an chuspóra théamaigh (neamhbhainteach i gcás cúnamh teicniúil).
([7]) Teideal na tosaíochta infheistíochta (neamhbhainteach i gcás cúnamh teicniúil).

ROINN 2

ISEANNA TOSAÍOCHTA

(Tagairt: pointí (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, an dara fomhír d'Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Beidh rochtain ag an gCiste eile ar na táblaí ina dtagraítear do Chistí sonracha maidir le tosaíochtaí a chuirtear chun feidhme agus úsáid á baint as an dara fomhír d'Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

2.A **Tuairisc ar na haiseanna tosaíochta seachas cúnamh teicniúil**

(Tagairt: pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

2.A.1 **Ais tosaíochta** (ceann ar leith le haghaidh gach ais tosaíochta)

Aitheantóir na haise tosaíochta	*<2A.1 type="N" input="G"“SME« >*
Teideal na haise tosaíochta	*<2A.2 type="S" maxlength="500" input="M"“SME" >*

☐	Is trí ionstraimí airgeadais amháin a chuirfear an ais tosaíochta iomlán chun feidhme	*<2A.3 type="C" input="M">*
☐	Is trí ionstraimí airgeadais arna mbunú ar leibhéal an Aontais amháin a chuirfear an ais tosaíochta iomlán chun feidhme	*<2A.4 type="C" input="M"“SME" >*
☐	Is trí fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chuirfear an ais tosaíochta iomlán chun feidhme	*<2A.5 type="C" input="M">*
☐	I gcás CSE: Tá an ais tosaíochta iomlán tiomnaithe don nuálaíocht shóisialta nó don chomhar trasnáisiúnta, nó don dá cheann acu	*<2A.6 type="C" input="M">*
☐	Tá an ais tosaíochta iomlán tiomnaithe do REACT-EU	*<2A.7 type="C" input="M">*
☐	Leis an ais tosaíochta iomlán, tabharfar aghaidh ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata na Rúise, i gcomhréir le hAirteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 chomh maith	*<2A.8 type="C" input="M">*
☐	Bainfidh an ais tosaíochta iomlán úsáid as acmhainní REACT-EU chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin imirce a eascraíonn as fogha míleata na Rúise, i gcomhréir le hAirteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013	*<2A.9 type="C" input="M">*

2.A.2 **Bonn cirt le hais tosaíochta a bhunú lena gcumhdaítear níos mó ná catagóir réigiúin, cuspóir téamach nó Ciste amháin** (i gcás inarb infheidhme) ([5])

(Tagairt: Airteagal 96(1) agus an dara fomhír d'Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

<2A.0 type="S" maxlength="3500" input="M">

2.A.3 **Ciste, catagóir réigiúin agus bonn ríomha maidir le tacaíocht ón Aontas**

(Ceann ar leith do gach teaglaim faoi ais tosaíochta)

Ciste	*<2A.7 type="S" input="S"“SME" >*

([5]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Catagóir réigiúin ([1])	*<2A.8 type="S" input="S""SME ">*
Bonn ríomha (caiteachas incháilithe iomlán nó caiteachas poiblí incháilithe)	*<2A.9 type="S" input="S""SME" >*
Catagóir réigiúin le haghaidh na réigiún is forimeallaí agus na réigiún tuaisceartach is teirce daonra (i gcás inarb infheidhme) ([2])	*<2A.9 type="S" input="S" >*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

([2]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

2.A.4 **Tosaíocht infheistíochta**

(Ceann ar leith do gach tosaíocht infheistíochta faoin ais tosaíochta)

Tosaíocht infheistíochta	*<2A.10 type="S" input="S""SME" >*

2.A.5 **Cuspóirí sonracha a chomhfhreagraíonn don tosaíocht infheistíochta agus do na torthaí a mheastar a bheidh ann**

(Ceann ar leith do gach cuspóir sonrach faoin tosaíocht infheistíochta)

(Tagairt: pointí (b)(i) agus (ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Aitheantóir	*<2A.1.1 type="N" input="G""SME >*
Cuspóir sonrach	*<2A.1.2 type="S" maxlength="500" input="M""SME >*
Na torthaí atá an Ballstát ag iarraidh a bhaint amach le tacaíocht ón Aontas	*<2A.1.3 type="S" maxlength="3500" input="M"SME ">*

Tábla 3

Táscairí toraidh clárshonracha, de réir cuspóir sonrach

(maidir le CFRE, an Ciste Comhtháthaithe agus REACT-EU CFRE)

(Tagairt: pointe (b)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Aitheantóir	Táscaire	Aonad tomhais	Catagóir réigiúin (i gcás inarb ábhartha)	Luach bonnlíne	Bliain bhonnlíne	Spriocluach ([1]) (2023)	Foinse sonraí	Minicíocht an tuairiscithe
<2A.1.4 type="S" maxlength="5" input="M" "SME" >	*<2A.1.5 type="S" maxlength="255" input="M""SME" >*	*<2A.1.6 type="S" input="M""SME">*	*<2A.1.7 type="S" input="S" "SME" >*	*Cainníochtúil <2A.1.8 type="N" input="M""SME" >* *Cáilíochtúil <2A.1.8 type="S" maxlength="100" input="M" "SME"*	*<2A.1.9 type="N' input="M""SME">*	*Cainníochtúil <2A.1.10 type="N" input="M">* *Cáilíochtúil <2A.1.10 type="S" maxlength="100" input="M" "SME" >*	*<2A.1.11 type="S" maxlength="200" input="M""SME">*	*<2A.1.12 type="S" maxlength="100" input="M" "SME" >*

([1]) I gcás CFRE, an Chiste Chomhtháthaithe agus REACT-EU CFRE, féadfaidh na spriocluachanna a bheith cáilíochtúil nó cainníochtúil.

Tábla 4

Táscairí toraidh coiteanna ar socraíodh spriocluach ina leith agus táscairí toraidh clárshonracha a chomhfhreagraíonn don chuspóir sonrach (de réir tosaíocht infheistíochta agus catagóir réigiúin) (i gcás CSE agus REACT-EU CSE)

(Tagairt: pointe (b)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Aitheantóir	Táscaire	Catagóir réigiúin (i gcás inarb ábhartha)	Aonad tomhais le haghaidh an táscaire	Táscaire aschuir coiteann a úsáidtear mar bhonn chun spriocanna a shocrú	Luach bonnlíne			Aonad tomhais don bhonnlíne agus don sprioc	Bliain bhonnlíne	Spriocluach ([1]) (2023)			Foinse sonraí	Minicíocht an tuairiscithe
					F	M	I			F	M	I		
Clárshonrach <2A.1.13 type="S" maxlength="5" input="M"> *Coiteann <2A.1.13 type="S" input="S" >*	*Clárshonrach <2A.1.14 type="S" maxlength="255" input="M">* *Coiteann <2A.1.14 type="S" input="S" >*	*<2A.1.15 type="S" input="S">*	*Clárshonrach <2A.1.16 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.16 type="S" input="S" >*	*Clárshonrach <2A.1.17 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.17 type="S" input="S" >*	*Comhtháscairí aschuir <2A.1.18 type="S" input="S">*			*Cainníochtúil <2A.1.19 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.19 type="S" input="G">*	*<2A.1.20 type="N' input="M">*	*Cainníochtúil <2A.1.21 type="N" input="M">* *Cáilíochtúil <2A.1.21 type="S" maxlength="100" input="M">*			*<2A.1.22 type="S" max-length="200" input="M">*	*<2A.1.23 type="S' maxlength='100' input='M'>*

([1]) Áirítear sa liosta seo táscairí toraidh coiteanna ar socraíodh spriocluach ina leith agus gach táscaire toraidh clárshonrach. Ní mór spriocluachanna na dtáscairí toraidh coiteanna a chainníochtú; i gcás táscairí toraidh clárshonracha, féadfaidh siad a bheith cáilíochtúil nó cainníochtúil. Féadfar spriocluachanna a chur i láthair mar iomlán (fir + mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne, is féidir na luachanna bonnlíne a choigeartú dá réir. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.

Tábla 4a

Táscairí toraidh TFAO agus REACT-EU TFAO agus táscairí toraidh clárshonracha a chomhfhreagraíonn don chuspóir sonrach

(de réir ais tosaíochta nó de réir cuid d'ais tosaíochta)

(Tagairt: Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]))

Aitheantóir	Táscaire	Aonad tomhais le haghaidh an táscaire	Táscaire aschuir coiteann a úsáidtear mar bhonn chun spriocanna a shocrú	Luach bonnlíne			Aonad tomhais don bhonnlíne agus don sprioc	Bliain bhonnlíne	Spriocluach ([1]) (2023)			Foinse sonraí	Minicíocht an tuairiscithe
				F	M	I			F	M	I		
Clárshonrach <2A.1.24 type="S" maxlength="5" input="M"> *Coiteann <2A.1.24 type="S" input="S" >*	*Clárshonrach <2A.1.25 type="S" maxlength="255" input="M">* *Coiteann <2A.1.25 type="S" input="S" >*	*Clárshonrach <2A.1.26 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.26 type="S" input="S" >*	*Clárshonrach <2A.1.27 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.27 type="S" input="S" >*	*Comhtháscairí aschuir <2A.1.28 type="S" input="S">*			*Cainníochtúil <2A.1.29 type="S" input="M">* *Coiteann <2A.1.29 type="S" input="G">*	*<2A.1.30 type="N' input="M">*	*Cainníochtúil <2A.1.31 type="N" input="M">* *Cáilíochtúil <2A.1.31 type="S" maxlength="100" input="M">*			*<2A.1.32 type='S' maxlength='200' input='M'>*	*<2A.1.33 type='S' maxlength='100' input='M'>*

([1]) Áirítear sa liosta seo táscairí toraidh coiteanna ar socraíodh spriocluach ina leith agus gach táscaire toraidh clárshonrach. Ní mór spriocluachanna na dtáscairí toraidh coiteanna a chainníochtú; i gcás táscairí toraidh clárshonracha, féadfaidh siad a bheith cáilíochtúil nó cainníochtúil. Ní mór na táscairí toraidh uile in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme TFAO a nascadh le spriocluach cainníochtaithe. Féadfar spriocluachanna a chur i láthair mar iomlán (fir + mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne, féadfar luachanna na bonnlíne a choigeartú dá réir. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 470).

2.A.6 **Gníomhaíocht a bhfuil tacaíocht le tabhairt di faoin tosaíocht infheistíochta**

(de réir tosaíocht infheistíochta)

2.A.6.1 ***Tuairisc ar chineál agus ar shamplaí na ngníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na cuspóirí sonracha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, sainaithint na bpríomh-spriocghrúpaí, na gcríoch sonrach spriocdhírithe agus na gcineálacha tairbhithe***

(Tagairt: pointe (b)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tosaíocht infheistíochta	*<2A.2.1.1 type="S" input="S" >*
<2A.2.1.2 type='S' maxlength='17500' input='M'>	

2.A.6.2 ***Treoirphrionsabail maidir le hoibríochtaí a roghnú***

(Tagairt: pointe (b)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tosaíocht Infheistíochta	*<2A.2.2.1 type="S" input="S" >*
<2A.2.2.2 type='S' maxlength='5000' input='M'>	

2.A.6.3 ***Úsáid bheartaithe ionstraimí airgeadais*** *(i gcás inarb iomchuí)*

(Tagairt: pointe (b)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tosaíocht Infheistíochta	*<2A.2.3.1 type="S" input="S" >*
Úsáid bheartaithe ionstraimí airgeadais	*<2A.2.3.2 type="C" input="M">*
<2A.2.3.3 type='S' maxlength='7000' input='M'>	

2.A.6.4 ***Úsáid bheartaithe mórthionscadal*** *(i gcás inarb infheidhme)*

(Tagairt: pointe (b)(iii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tosaíocht Infheistíochta	*<2A.2.4.1 type="S" input="S" >*
<2A.2.4.2 type='S' maxlength='3500' input='M'>	

2.A.6.5 ***Táscairí aschuir de réir tosaíocht infheistíochta agus, i gcás inarb iomchuí, catagóir réigiúin***

(Tagairt: pointe (b)(iv) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tábla 5

Táscairí aschuir coiteanna agus clárshonracha

(de réir tosaíocht infheistíochta, arna miondealú de réir catagóir réigiúin i gcás CSE, agus i gcás inarb ábhartha, i gcás CFRE ([7]))

Aitheantóir	Táscaire	Aonad tomhais	Ciste	Catagóir réigiúin (i gcás inarb ábhartha)	Spriocluach (2023) ([1])			Foinse sonraí	Minicíocht an tuairiscithe
					F	M	I		
<2A.2.5.1 type="S" input="S" SME >	*<2A.2.5.2 type="S" input="S" SME >*	*<2A.2.5.3 type="S" input="S" SME >*	*<2A.2.5.4 type="S" input="S" SME >*	*<2A.2.5.5 type="S" input="S" SME >*	*<2A.2.5.6 type="N' input="M" SME >*			*<2A.2.5.7 type="S" maxlength="200" input="M" SME >*	*<2A.2.5.8 type="S" maxlength="100" input="M" SME >*

([1]) I gcás CSE, áirítear sa liosta sin táscairí aschuir coiteanna ar socraíodh spriocluach ina leith. Féadfar spriocluachanna a chur i láthair mar iomlán (fir +mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne. I gcás REACT-EU CFRE, níl an miondealú inscne ábhartha i bhformhór na gcásanna. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.

2.A.7 **Nuálaíocht shóisialta, comhar trasnáisiúnta agus rannchuidiú le cuspóirí téamacha 1-7 agus 13**

Forálacha sonracha maidir le CSE agus REACT-EU CSE ([8]), i gcás inarb infheidhme (de réir ais tosaíochta agus, i gcás inarb ábhartha, de réir catagóir réigiúin): nuálaíocht shóisialta, comhar trasnáisiúnta agus rannchuidiú CSE le cuspóirí téamacha 1 go 7 agus 13.

Tuairisc ar rannchuidiú ghníomhaíochtaí beartaithe na haise tosaíochta leis an méid seo a leanas:

— nuálaíocht shóisialta (mura bhfuil sí cumhdaithe faoi ais tosaíochta thiomnaithe);

— comhar trasnáisiúnta (mura bhfuil sé cumhdaithe faoi ais tosaíochta thiomnaithe);

— cuspóirí téamacha dá dtagraítear i bpointí (1) go (7) den chéad mhír d'Airteagal 9 agus in Airteagal 92b(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

Ais tosaíochta	*<2A.3.1 type="S" input="S' >*

<2A.3.2 type="S" maxlength="7000" input="M">

([7]) Níl an miondealú in aghaidh na catagóire réigiún infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

([8]) I gcás CSE agus REACT-EU CSE, áirítear sa liosta sin táscairí aschuir coiteanna ar socraíodh spriocluach ina leith agus gach táscaire toraidh clárshonrach.

2.A.8 **Creat feidhmíochta** ([9])

(Tagairt: pointe (b)(v) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) agus Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Tábla 6

Creat feidhmíochta na haise tosaíochta

(de réir ciste agus, i gcás CFRE agus CSE, catagóir réigiúin) ([10])

Ais tosaíochta	Cineál táscaire (Príomhchéim cur chun feidhme, táscaire airgeadais, táscaire aschuir nó, i gcás inarb iomchuí, táscaire toraidh)	Aitheantóir	Táscaire nó príomhchéim cur chun feidhme	Aonad tomhais, i gcás inarb iomchuí	Ciste	Catagóir réigiúin	Garspriocle haghaidh 2018 ([1])			Sprioc dheiridh (2023) ([2])			Foinse sonraí	Míniú ar ábharthacht an táscaire, i gcás inarb iomchuí
							F	M	I	F	M	I		
<2A.4.1 type="S" input="S">	*<2A.4.2 type="S" input="S" >*	*Céim Cur Chun Feidhme nó Táscaire Airgeadais <2A.4.3 type="S" maxlength="5" input="M">* *Aschur nó toradh<2A.4.3 type="S" input="S">*	*Céim Cur Chun Feidhme nó Táscaire Airgeadais <2A.4.4 type="S" max-length="255" input="M">* *Aschur nó Toradh <2A.4.4 type="S" input="G" or "M">*	*Céim Cur Chun Feidhme nó Táscaire Airgeadais <2A.4.5 type="S" input="M">* *Aschur nó Toradh <2A.4.5 type="S" input="G" or "M">*	*<2A.4.6 type="S" input="S" >*	*<2A.4.7 type="S" input="S" >*	*<2A.4.8 type='S' maxlength='255' input='M'>*			*Céim Cur Chun Feidhme nó Táscaire Airgeadais <2A.4.9 type="S" input="M">* *Aschur nó Toradh <2A.4.8 type="S" input="M">*			*Céim Cur Chun Feidhme nó Táscaire Airgeadais <2A.4.10 type="S" max-length="200" input="M">* *Aschur nó Toradh <2A.4.10 type="S" input="M">*	*<2A.4.11 type='S' maxlength='500' input='M'>*

([9]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

([10]) I gcás ina gcuirtear TFAO chun feidhme mar chuid d'ais tosaíochta, ní mór garspriocanna agus spriocanna TFAO a idirdhealú ó gharspriocanna agus ó spriocanna eile le haghaidh na haise tosaíochta i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, toisc go ndéantar acmhainní TFAO (leithdháileadh sonrach agus tacaíocht chomhfhreagrach CSE) a eisiamh ón gcúlchiste feidhmíochta.

([1]) Féadfar garspriocanna a chur i láthair mar iomlán (fir+mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.
([2]) Féadfar spriocluachanna a chur i láthair mar iomlán (fir +mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.

Faisnéis cháilíochtúil bhreise faoi bhunú an chreata feidhmíochta (roghnach)

<2A.4.12 type="S" maxlength="7000" input="M">

2.A.9 **Catagóirí idirghabhála**

(Tagairt: pointe (b)(vi) d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Catagóirí idirghabhála a chomhfhreagraíonn d'ábhar na haise tosaíochta bunaithe ar ainmníocht arna glacadh ag an gCoimisiún, agus miondealú táscach ar thacaíocht ón Aontas.

Táblaí 7-11

Catagóirí idirghabhála ([11])

(de réir Ciste agus catagóir réigiúin, i gcás ina gclúdaíonn an ais tosaíochta níos mó ná ceann amháin)

Tábla 7: Gné 1 – Réimse idirghabhála

Ciste	*<2A.5.1.1 type="S" input="S" Decision=N >*	
Catagóir réigiúin ([1])	*<2A.5.1.2 type="S" input="S" Decision=N >*	
Ais tosaíochta	**Cód**	**Méid (EUR)**
<2A.5.1.3 type="S" input="S" Decision=N>	*<2A.5.1.4 type="S" input="S" Decision=N >*	*<2A.5.1.5 type="N" input="M" Decision=N >*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Tábla 8: Gné 2 – Cineál maoinithe

Ciste	*<2A.5.2.1 type="S" input="S" Decision=N >*	
Catagóir réigiúin ([1])	*<2A.5.2.2 type="S" input="S" Decision=N >*	
Ais tosaíochta	**Cód**	**Méid (EUR)**
<2A.5.2.3 type="S" input="S" Decision=N>	*<2A.5.2.4 type="S" input="S" Decision=N >*	*<2A.5.2.5 type="N" input="M" Decision=N >*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Tábla 9: Gné 3 – Cineál críche

Ciste	*<2A.5.3.1 type="S" input="S" Decision=N >*
Catagóir réigiúin ([1])	*<2A.5.3.2 type="S" input="S" Decision=N >*

([11]) Áirítear tacaíocht iomlán ón Aontas i méideanna (an príomh-leithdháileadh agus an leithdháileadh ón gcúlchiste feidhmíochta).

Ais tosaíochta	Cód	Méid (EUR)
<2A.5.3.3 type="S" input="S" Decision=N>	*<2A.5.3.4 type="S" input="S" Decision=N >*	*<2A.5.3.5 type="N" input="M" Decision=N >*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Tábla 10: Gné 4 – Sásraí soláthair chríochaigh

Ciste	*<2A.5.4.1 type="S" input="S" Decision=N >*
Catagóir réigiúin ([1])	*<2A.5.4.2 type="S" input="S" Decision=N >*

Ais tosaíochta	Cód	Méid (EUR)
<2A.5.4.2 type="S" input="S" Decision=N>	*<2A.5.4.4 type="S" input="S" Decision=N >*	*<2A.5.4.5 type="N" input="M" Decision=N >*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Tábla 11: Gné 6 – CSE agus téama tánaisteach ([1]) REACT-EU CSE (CSE amháin)

Ciste	*<2A.5.5.1 type="S" input="S" Decision=N >*
Catagóir réigiúin ([2])	*<2A.5.5.2 type="S" input="S" Decision=N >*

Ais tosaíochta	Cód	Méid (EUR)
<2A.5.5.3 type="S" input="S" Decision=N>	*<2A.5.5.4 type="S" input="S" Decision=N >*	*<2A.5.5.5 type="N" input="M" Decision=N >*

([1]) I gcás inarb iomchuí, áirigh faisnéis chainníochtaithe maidir le rannchuidiú CSE leis na cuspóirí téamacha dá dtagraítear i bpointí (1) go (7) den chéad mhír d'Airteagal 9 agus in Airteagal 92b(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

([2]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

2.A.10 **Achoimre ar úsáid bheartaithe an chúnaimh theicniúil lena n-áirítear, i gcás inar gá, gníomhaíochtaí chun acmhainn riaracháin na n-údarás a bhfuil baint acu le bainistíocht agus le rialú na gclár agus na dtairbhithe a atreisiú** (i gcás inarb iomchuí) ([12])

(de réir ais tosaíochta)

(Tagairt: pointe (b)(vii) d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Ais tosaíochta	*<3A.6.1 type="S" input="S">*
<2A.6.2 type="S" maxlength="2000" input="M">	

2.B **Tuairisc ar na haiseanna tosaíochta le haghaidh cúnamh teicniúil**

(Tagairt: pointe (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

2.B.1 **Ais tosaíochta** (ceann ar leith do gach ais tosaíochta le haghaidh Cúnamh Teicniúil)

Aitheantóir na haise tosaíochta	*<2B.0.2 type="N" maxlength="5" input="G">*
Teideal na haise tosaíochta	*<2B.0.3 type="S" maxlength="255" input="M">*

☐ Tá an ais tosaíochta iomlán tiomnaithe don chúnamh teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 92b(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013	*<2B.0.1 type="C" input="M">*

2.B.2 **Bonn cirt le hais tosaíochta a bhunú lena gcumhdaítear níos mó ná catagóir réigiúin amháin** (i gcás inarb infheidhme)

(Tagairt: Airteagal 96(1) agus Airteagal 98(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

<2B.0.1 type="S" maxlength="3500" input="M">

2.B.3 **Ciste agus catagóir réigiúin (ceann ar leith do gach teaglaim faoin ais tosaíochta)**

Ciste	*<2B.0.4 type="S" input="S">*
Catagóir réigiúin ([1])	*<2B.0.5 type="S" input="S">*
Bonn ríomha (caiteachas incháilithe iomlán nó caiteachas poiblí incháilithe)	*<2B.0.6 type="S" input="S">*

([1]) Níl an roinn seo infheidhme i gcás clár oibríochtúil nó aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

2.B.4 **Cuspóirí sonracha agus na torthaí a mheastar a bheidh ann**

(ceann ar leith do gach cuspóir sonrach faoin ais tosaíochta)

(Tagairt: pointí (c)(i) agus (ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

([12]) Ní gá an roinn sin i gcás clár oibríochtúil ná aiseanna tosaíochta atá tiomnaithe don chuspóir téamach 'Leigheas dhíobháil na géarchéime a chothú i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí sóisialta agus téarnamh glas, digiteach agus athléimneach a ullmhú don gheilleagar'.

Aitheantóir	*<2B.1.1 type="N" maxlength="5" input="G">*
Cuspóir sonrach	*<2B.1.2 type="S" maxlength="500" input="M">*
Torthaí atá an Ballstát ag iarraidh a bhaint amach le tacaíocht ón Aontas ([1])	*<2B.1.3 type="S" maxlength="3500" input="M">*

([1]) Is gá i gcás inar mó ná EUR 15 mhilliún an tacaíocht ón Aontas do chúnamh teicniúil sa chlár.

2.B.5 **Táscairí toraidh** ([13])

Tábla 12

Táscairí toraidh clárshonracha (de réir cuspóir sonrach)

(maidir le CFRE/CSE/An Ciste Comhtháthaithe/REACT-EU CFRE/REACT-EU CSE)

(Tagairt: pointe (c)(ii) den chéad fhomhír d'Airteagal 96(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013)

Aitheantóir	Táscaire	Aonad tomhais	Luach bonnlíne			Bliain bhonnlíne	Spriocluach ([1]) (2023)			Foinse sonraí	Minicíocht an tuairiscithe
			F	M	I		F	M	I		
<2.B.2.1 type="S" maxlength="5" input="M">	*<2.B.2.2 type="S" max-length="255" input="M">*	*<2.B.2.3 type="S" input="M">*	*Cainníochtúil <2. B.2.4 type="N" input="M">*			*<2.B.2.5 type="N' input="M">*	*Cainníochtúil <2. B.2.6 type="N" input="M">* *Cáilíochtúil <2. B.2.6 type="S" maxlength="100" input="M">*			*<2.B.2.7 type="S" max-length="200" input="M">*	*<2.B.2.8 type="S" max-length="100" input="M">*

([1]) Féadfaidh na sriocluachanna a bheith cáilíochtúil nó cainníochtúil. Féadfar sriocluachanna a chur i láthair mar iomlán (fir + mná) nó iad a mhiondealú de réir inscne, féadfar luachanna na bonnlíne a choigeartú dá réir. 'F' = fir, 'M'=mná, 'I'= iomlán.

2.B.6 **Na gníomhaíochtaí a bhfuil tacaíocht le tabhairt dóibh agus a mhéid a mheastar a chuirfidh siad leis na cuspóirí sonracha** (de réir ais tosaíochta)

